2024/1888

12.7.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1888 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2024

maidir le tionscadal trasteorann na Seine – na Sceilte ar Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara agus ar Chonair Chroíghréasáin an Atlantaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1118 ón gCoimisiún

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 4754)

(Is iad na téacsanna Ollainnise agus Fraincise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 47(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is príomhchuspóir beartais de chuid an Aontais é an t-iompar a dhícharbónú. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip] ([2]) an 11 Nollaig 2019, deimhníodh agus neartaíodh uaillmhianta an Aontais maidir leis an athrú aeráide a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, is beartas tábhachtach iompair de chuid an Aontais é iompar uiscebhealaí intíre a chothú chun earraí agus paisinéirí a bhogadh, mar a leagtar amach sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ([3]), agus is tosaíocht sheanbhunaithe é chun gréasán TEN-T a chur chun feidhme.

(2) Trí ghréasán na Seine – na Sceilte a thabhairt i gcrích, nascfar abhantrach na Seine trí bhíthin uiscebhealach intíre ardacmhainneachta leanúnach le habhantrach na Sceilte i dtuaisceart na Fraince, sa Bheilg agus san Ísiltír agus chomh maith leis sin, le habhantracha uiscebhealaigh tábhachtacha Eorpacha eile, mar shampla, an Réin agus an Meuse. Leis sin, cruthófar gréasán uiscebhealaí intíre ardacmhainneachta leanúnach éifeachtach comhsheasmhach lena nascfar an iliomad calafoirt mhuirí agus calafoirt intíre sa réigiún trasteorann Eorpach leathan seo.

(3) Tríd an bhFrainc, an Bheilg, an Ísiltír agus áiteanna níos faide i gcéin ná an Ghearmáin a nascadh le chéile, tá gné shoiléir trasteorann ag baint le gréasán na Seine – na Sceilte.

(4) Is naisc thrasteorann réamhshainithe iad Gréasán na Seine – na Sceilte agus abhantracha gaolmhara na Seine, na Sceilte agus an Meuse ar Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara agus tá an chuid Le Havre – Páras ar Chonair Chroíghréasáin an Atlantaigh de réir Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Leis an Dearbhú maidir le cur chun feidhme Chonair Chroíghréasáin TEN-T na Mara Thuaidh – na Meánmhara (Dearbhú Thaillinn) an 17 Deireadh Fómhair 2013, a shínigh Airí Iompair na Beilge, na hÍsiltíre agus na Fraince agus an Coimisinéir um Iompar, cuireadh i dtábhacht a thuilleadh gealltanas na bpáirtithe lena mbaineann maidir lena cur chun feidhme. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht leis na Pleananna Oibre le haghaidh Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara gur gá a áirithiú go dtabharfar i gcrích tionscadal na Seine – na Sceilte mar bhonn le conair iompair ilmhódúil lánfheidhmiúil a chur ar bun.

(5) Ceann de na mórchuspóirí a bhaineann leis an tionscadal is ea a áirithiú go mbeidh cúrsaí taistil na Seine – na Sceilte d'aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta ar a laghad agus go mbainfear coinníollacha maithe loingseoireachta amach.

([1]) IO L 348, 20.12.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1315/oj.

([2]) *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions 'The European Green Deal', COM(2019)640 final* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip']

([3]) *Communication from the Commission to the European Parliament, the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future, COM (2020) 789 final* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún –Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – an t-iompar Eorpach a chur ar bhealach a leasa don todhchaí].

([4]) Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj).

(6) Tá na comhpháirteanna uile de thionscadal na Seine – na Sceilte fíor-riachtanach lena thabhairt i gcrích. I measc na gcomhpháirteanna sin, is é an príomhnasc atá in easnamh Canáil na Seine – Thuaisceart na hEorpa, nasc nach féidir gréasán na Seine – na Sceilte a thabhairt chun críche dá uireasa.

(7) Is tionscadal casta trasteorann é tionscadal na Seine – na Sceilte, lena mbaineann an Bheilg (réigiún Fhlóndras agus réigiún na Vallúine) agus an Fhrainc, mar aon le hoibreacha lena ndírítear ar bhonneagar nua a chruthú agus feabhas a chur ar an mbonneagar atá ann cheana gan ach tionchar íosta a bheith ag na hoibreacha sin ar an loingseoireacht. Dá bhrí sin, is dúshlán tábhachtach é an comhordú leormhaith. Chun tacú le cur chun feidhme comhordaithe tráthúil an tionscadail, is gá forálacha a ghlacadh lena leagtar síos tuairisc ar na gníomhaíochtaí is gá agus tráthchlár dá gcur chun feidhme. Chuideodh an méid sin le baint amach na gcuspóirí trasteorann agus na gcuspóirí maidir le haistriú módach atá sna Pleananna Oibre le haghaidh Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara, agus le tionscadal na Seine – na Sceilte a chur i gcrích an dáta is luaithe is féidir agus in aon chás, faoi 2030 ar a dhéanaí.

(8) Is den tábhacht freisin é go sainaithneofar go soiléir na gníomhaíochtaí is gá chun tionscadal na Seine – na Sceilte a chur chun feidhme a thuilleadh agus a chur i gcrích agus go sainaithneofar go soiléir an tráthchlár lena gcur chun feidhme chun infhaighteacht cistiúcháin Eorpaigh, náisiúnta agus réigiúnaigh, mar aon le maoiniú príobháideach, a phleanáil agus a bharrfheabhsú go hiomlán. Tá éifeacht ghiarála ag cómhaoiniú ón Aontas ar an gcinnteoireacht náisiúnta agus réigiúnach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí.

(9) Rinneadh oibreacha móra (staidéir agus oibreacha bonneagair) sa Bheilg (réigiúin Fhlóndras agus na Vallúine) agus sa Fhrainc cheana a rannchuidigh le tionscadal na Seine – na Sceilte a chur i gcrích. Chómhaoinigh an tAontas formhór na n-oibreacha sin, faoi chláir éagsúla chistiúcháin. Déantar gníomhaíochtaí faoi láthair faoi na comhaontuithe deontais ghaolmhara uile de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa a síníodh in 2014.

(10) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1118 ón gCoimisiún ([5]), tá tús curtha le céim nua thábhachtach an-fheiceálach i dtionscadal na Seine – na Sceilte toisc go bhfuil na príomhstaidéir curtha i gcrích. Tá oibreacha ar siúl anois ar roinnt láithreán, lena n-áirítear limistéar 1 de Chanáil na Seine – Thuaisceart na hEorpa, atógáil coraí agus uasghrádú loc ar an tSéin Uachtarach agus Íochtarach agus ar an Lys trasteorann freisin.

(11) Áirítear leis na héachtaí móra a baineadh amach go dtí seo, *inter alia*, (i) uasghrádú na Sceilte Uachtaraí sa Vallúin go hacmhainneacht d'aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta ó bhí Eanáir 2020 ann, lena n-áirítear oiriúnú chrosbhealach Tournai ina bhealach aontreo ina bhfuil leithead d'aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta; (ii) cur i seirbhís loc nua d'aicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta in St-Baafs-Vijve agus in Harelbeke ó mhí Lúnasa 2020 ar aghaidh, rud a chuir feabhas ar an Lys, nasc comhpháirte bhealach na Seine – na Sceilte i bhFlóndras; (iii) athoscailt chanáil trasteorann Condé-Pommeroeul d'aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta i mí na Samhna 2023.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1118 ón gCoimisiún, rinneadh athbhreithniú chun tráthchlár na ngníomhaíochtaí atá fós le déanamh a thabhairt cothrom le dáta.

(13) Mar gheall ar ghné thrasteorann an tionscadail, ní mór struchtúir thiomnaithe rialachais a chur ar bun. Tá an Bheilg (réigiún Fhlóndras agus réigiún na Vallúine) agus an Fhrainc ag oibriú i ndlúthchomhar le blianta fada anuas, go háirithe faoi chuimsiú an Choimisiúin Idir-Rialtasaigh chun ullmhú le haghaidh tionscadal na Seine – na Sceilte a chur i gcrích, Coimisiún a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2009. Faigheann an Coimisiún Idir-Rialtasach sin tacaíocht oibríochtúil ón nGrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch na Seine – na Sceilte (GELE na Seine – na Sceilte) lena dtugtar le chéile *Voies Navigables de France* (VNF), an *Société du Canal Seine-Nord Europe* (SCSNE), *le Service Public de Wallonie* (SPW) agus *De Vlaamse Waterweg NV*. Bunaíodh an *Société du Canal Seine-Nord Europe*, atá i gceannas ar chanáil na Seine – an Tuaiscirt a thógáil, i mí na Bealtaine 2017. Is éard atá sna heintitis thiomnaithe sin struchtúr comhtháite bainistíochta lena ndéantar maoirsiú agus comhordú ar thionscadal na Seine – na Sceilte a chur i gcrích. Ba cheart don Chomhordaitheoir Eorpach le haghaidh Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara agus ionadaí ón gCoimisiún páirt a ghlacadh go tráthrialta i gcruinnithe den Choimisiún Idir-Rialtasach agus de GELE na Seine – na Sceilte mar bhreathnóirí. Thairis sin, ba cheart don Chomhordaitheoir Eorpach agus d'ionadaí ón gCoimisiún páirt a ghlacadh i gcruinnithe bhord maoirseachta (*conseil de surveillance*) an *Société du Canal Seine-Nord Europe* mar bhreathnóirí.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1118 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2019 maidir le tionscadal trasteorann na Seine – na Sceilte ar Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara agus ar Chonair Chroíghréasáin an Atlantaigh (IO L 176, 1.7.2019, lch. 61, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1118/oj).

(14) Chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit tuarascálacha tráthrialta a sholáthar don Choimisiún ar an ábhar, maidir leis na codanna atá suite ina gcríoch féin, agus fógra a thabhairt faoi aon mhoill atá ann. Sholáthair an Coimisiún Idir-Rialtasach tuarascáil ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an 27 Eanáir 2022. Is tuairisc é an t-athbhreithniú seo freisin ar an dul chun cinn agus ar na tograí a bhfuil gá leo chun an tráthchlár foriomlán a choigeartú agus a mhionsaothrú a thuilleadh. Is iad éifeachtaí móra phaindéim COVID 2020-2022 ar choinníollacha cur chun feidhme an tionscadail is mó is cúis leis an tráthchlár oiriúnaithe in Airteagal 2.

(15) Ba cheart an tráthchlár cur chun feidhme a leagtar amach sa Chinneadh seo a bheith gan dochar do chomhlíonadh na gceanglas a shainítear sa dlí idirnáisiúnta agus i ndlí an Aontais, lena n-áirítear forálacha chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint. Leis an tráthchlár sin, ba cheart go mbeifí in ann infhaighteacht an chistithe a phleanáil agus a bharrfheabhsú go hiomlán, gan dochar do ghealltanas airgeadais Ballstáit nó an Aontais.

(16) Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh, go háirithe na forálacha i dTreoir 2011/92/AE ó Pharliament na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol, i dTreoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol, i dTreoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa ([8]) maidir le caomhnú éan fiáin, i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle ([9]) maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú, i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) lena leagtar síos creat le haghaidh beartas pobail i réimse an uisce.

(17) Gan dochar d'Airteagal 47(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le clásal athbhreithnithe sa Chinneadh seo.

(18) Ós rud é go leagtar amach sa Chinneadh seo na gníomhaíochtaí is gá chun tionscadal trasteorann na Seine – na Sceilte a chur i gcrích, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1118 a aisghairm.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo formheasta ag an mBeilg agus ag an bhFrainc.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an gCinneadh seo tuairisc ar na gníomhaíochtaí agus ar an tráthchlár cur chun feidhme le haghaidh thionscadal trasteorann na Seine – na Sceilte, mar aon le forálacha rialachais gaolmhara.

([6]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1 , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj).

([7]) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj).

([8]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7. , ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

([9]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

([10]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

Airteagal 2

Gníomhaíochtaí agus tráthchlár

Áiritheoidh an Bheilg agus an Fhrainc cur chun feidhme tráthúil na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) Seine-Amont, ó Nogent-sur-Seine go Páras: feabhas a chur ar na coinníollacha loingseoireachta, faoi mhí na Nollag 2030

— feabhas a chur ar na coinníollacha loingseoireachta, lena n-áirítear na coraí a atógáil (Beaulieu, Livon, Vives-Eaux), faoi mhí na Nollag 2028, athshlánú loc (mar shampla Evry agus Vigneux), agus loc Ablon a fhadú agus a dhoimhniú faoi mhí na Nollag 2029;

— cianrialú na loc agus na gcoraí a chur ar bun, faoi mhí na Nollag 2027;

— feabhas a chur ar na saoráidí le haghaidh loingseoireachta agus ar sheirbhísí le haghaidh na n-úsáideoirí, faoi mhí na Nollag 2027;

— Staidéir ullmhúcháin a chur i gcrích faoi mhí na Nollag 2025, oibreacha ullmhúcháin chun uasghrádú a dhéanamh ar an gcuid idir Bray-sur-Seine agus Nogent-sur-Seine (28 km, lena n-áirítear canáil nua 10 gciliméadar a thógáil) go haicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta faoi mhí na Nollag 2028, agus na príomhoibreacha a thosú faoi mhí na Nollag 2030;

(b) Seine-Aval, ó Suresnes go Le Havre: uasghráduithe agus feabhas a chur ar na coinníollacha loingseoireachta, faoi mhí na Nollag 2027

— athshlánú loc (mar shampla, éricourt Bougival, Suresnes, Andrésy, Notre-Dame-dela-Garenne, Amfreville) agus fad a chur le ceann de na loic in Méricourt, faoi mhí na Nollag 2026;

— na coraí a nuachóiriú (Port-Mort, Poses, Méricourt, Bougival, Suresnes, Andrésy, Denouval), faoi mhí na Nollag 2027, lena n-áirítear atreisiú chlaífort Croissy-sur-Seine faoi mhí na Nollag 2025;

— cianrialú na loc agus na gcoraí a chur ar bun, faoi mhí na Nollag 2027;

— feabhas a chur ar na saoráidí le haghaidh loingseoireachta agus ar sheirbhísí le haghaidh na n-úsáideoirí, faoi mhí na Nollag 2027;

— droichead coisithe a thógáil in Poses-Amfreville, faoi mhí na Nollag 2026;

(c) Oise, ó Conflans-Sainte-Honorine go Compiègne: uasghrádú go haicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta agus feabhas a chur ar na coinníollacha loingseoireachta, faoi mhí na Nollag 2028

— uasghrádú abhainn Oise go haicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta idir Creil agus Compiègne (MAGEO : dreidireacht, athmhúnlú bruach agus cosaint piaraí droichid, láithreán cúitimh hiodrálaigh Verneuil agus gnéithe comhshaoil a chruthú) faoi mhí na Nollag 2028;

— an droichead i Mours a atógáil, faoi mhí na Nollag 2028;

— cianrialú na loc agus na gcoraí a chur ar bun, faoi mhí na Nollag 2027;

(d) Canáil na Seine – Thuaisceart na hEorpa, ó Compiègne go Aubencheul-au-Bac: tógáil agus teacht i bhfeidhm, aicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta ag gabháil leis agus gluaiseacht trí shraith de choimeádáin a chumasú, faoi mhí na Nollag 2030

(1) limistéar 1 ó Compiegne go Passel (18,6 km), lena n-áirítear loc Montmacq a thógáil:

— cur i gcrích na n-oibreacha faoi mhí na Nollag 2029;

— teacht i bhfeidhm na coda uiscebhealaigh faoi mhí an Mheithimh 2030;

(2) limistéar 2 ó Passel go Allaines (46km) a thrasnaíonn 33 bhardas, Limistéar 3 ó Allaines go Etricourt-Manancourt (15km) a thrasnaíonn 3 bhardas agus Limistéar 4 ó Etricourt-Manancourt go Aubencheul-au-Bac (28km) a thrasnaíonn 11 bhardas, lena n-áirítear loic a thógáil in Noyon, Catigny, Allaines, Marquion-Bourlon, Oisy-Le-Verger agus atógáil an loic acomhail le Canal du Nord ó dheas ó loc Allaines, abhantrach stórála Louette a thógáil agus droichead na canála (*pont-canal*) de 1,33 km a thógáil, a thrasnaíonn Gleann na Somme:

— údarú aonair comhshaoil faoi mhí Lúnasa 2024;

— tús a chur leis na príomhoibreacha faoi mhí Mheán Fómhair 2025;

— cur i gcrích na n-oibreacha faoi mhí an Mheithimh 2030;

— teacht i bhfeidhm na coda uiscebhealaigh faoi mhí na Nollag 2030.

(e) ais Dunkerque – na Sceilte, lena n-airítear canáil Dunkerque ó Valenciennes chuig an Sceilt agus chuig cnámh droma láir na Vallúine, agus an Deûle i dtreo Gent: agus é d'aidhm aige sin an chanáil a chalabrú de réir a chéile go haicme Va (déthreoch) agus go haicme Vb (aontreoch) an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, agus feabhas a chur ar na coinníollacha loingseoireachta, faoi mhí na Nollag 2027

(1) maidir leis na codanna uile:

— an chéad chéim de réamhstaidéir chun méadú a chur ar acmhainneacht na loc (trína ndúbláil agus/nó fad a chur leo), faoi mhí an Mheithimh 2025;

— cianrialú na loc a chur ar bun, faoi mhí na Nollag 2025;

— Staidéir a dhéanamh lena sainaithnítear bearta chun airde struchtúr innealtóireachta a oiriúnú ar ais Dunkerque-Escaut ar mhaithe le gluaiseacht soithí a iompraíonn trí shraith de choimeádáin, faoi mhí Mheán Fómhair 2027;

— na coinníollacha loingseoireachta le haghaidh soithí d'aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta a dhaingniú de réir a chéile, faoi mhí na Nollag 2027;

(2) an chuid ó Arleux go Deulemont:

— uasghrádú an Deûle go haicme Va (déthreoch) agus go haicme Vb (aontreoch) an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, faoi mhí an Mheithimh 2024

— fad a chur le loc Quesnoy-sur-Deûle, faoi mhí na Nollag 2026;

(3) an chuid ó Bauvin go Dunkerque:

— cosaintí ar bhruacha chanáil Aire Neufossé (céimeanna 1 agus 2), faoi mhí na Nollag 2026, agus cosaintí bruach abhann agus athshlánú na líne snámha ar *biefs* Fontinettes, faoi mhí na Nollag 2027;

— staidéir ar athshlánú an bhrúchinn le sruth agus ar thalamh soladach loc Fontinettes, faoi mhí na Nollag 2030;

(f) Cnámh droma láir na Vallúine, ó Pommercœul go Namur: uasghrádú go haicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, faoi mhí na Nollag 2030

— maidir leis na codanna uile: cianrialú na gcoraí agus na loc a chur ar bun, faoi mhí na Nollag 2030

(1) An chuid ó Pommercœul go Seneffe: uasghrádú go haicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, lena n-áirítear oiriúnú chanáil Nimy-Blaton-Péronnes agus loc Obourg a thógáil (aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta) in aice leis an loc atá ann cheana (aicme IV an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta), na hoibreacha le cur i gcrích faoi mhí na Nollag 2030;

(2) An chuid ó Seneffe go Charleroi: uasghrádú go haicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta agus loic nua a thógáil in Marchienne, Gosselies agus Viesville faoi seach (aicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta) in aice leis na loic atá ann cheana (aicme IV an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta), le cur i gcrích faoi mhí na Nollag 2030;

(3) An chuid ó Charleroi go Namur:

— feabhas a chur ar na deiseanna trasnaithe agus ar na coinníollacha loingseoireachta, agus na staidéir le cur i gcrích faoi mhí na Nollag 2024 agus na hoibreacha le cur i gcrích faoi 2030;

(g) An Sceilt Uachtarach:

(1) i réigiún na Vallúine (an Bheilg): acmhainneacht a mhéadú trí na loic a dhúbláil agus na láithreáin loic a dhaingniú, trí loc Hérinnes agus loc Kain a oiriúnú, agus na staidéir a chur i gcrích faoi mhí na Nollag 2026 agus na hoibreacha a chur i gcrích faoi mhí na Nollag 2030;

(2) i réigiún Fhlóndras (an Bheilg): na staidéir a chur i gcrích maidir le huasghrádú na loc go haicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta faoi mhí an Mheithimh 2024, agus plean cur chun feidhme teicniúil agus airgeadais a tharraingt suas faoi mhí an Mheithimh 2025;

(h) Lys: uasghrádú go haicme Vb (aontreoch) agus Va (déthreoch) an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, rud a chumasóidh gluaiseacht 3 shraith de choimeádáin, faoi mhí na Nollag 2030, lena n-áirítear:

(1) i réigiún Fhlóndras (an Bheilg), idir Ghent agus Wervik:

— calabrú go haicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, lena n-áirítear droichid a ardú chun gluaiseacht 3 shraith de choimeádáin a chumasú:

— ar chuid Deinze-St-Baafs-Vijve faoi mhí na Nollag 2026;

— ar chuid St-Baafs-Vijve- Harelbeke faoi mhí na Nollag 2028;

— ar chodanna Harelbeke-Menen agus Menen-Wervik faoi mhí na Nollag 2030;

(2) i réigiún na Vallúine (an Bheilg), i mbardas Comines: an loingseoireacht a dhaingniú, go háirithe tríd an gcora agus an loc in Comines a nuachóiriú, faoi mhí na Nollag 2030;

(3) sa Fhrainc, idir Deûlémont agus Comines: uasghrádú go haicme Vb an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, faoi mhí na Nollag 2025;

(i) gréasán nasctha i bhFlóndras:

(1) staidéir chun uasghrádú a dhéanamh ar chodanna uiscebhealaigh intíre i bhFlóndras a nascann go díreach le príomhnasc na Seine – na Sceilte, faoi mhí na Nollag 2024:

— uasghrádú go haicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta na nasc le calafort muirí Zeebrugge (canáil Ghent – Bruges) agus le calafort muirí Antuairp (an Sceilt Uachtarach – Seascheldt) chun gluaiseacht 3 shraith de choimeádáin a chumasú, faoi mhí na Nollag 2024;

— uasghrádú chanáil Roeselare-Lys agus chanáil Bossuit-Kortrijk go haicme Va an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, faoi mhí na Nollag 2024;

(2) plean cur chun feidhme teicniúil agus airgeadais a tharraingt suas, lena n-áirítear measúnú mionsonraithe tosaíochta, le haghaidh na n-uasghráduithe is gá ar na codanna thuasluaite, faoi mhí na Nollag 2025;

(j) Gréasán nasctha sa Vallúin:

ó Péronnes go Pommeroeul, ar chanáil Nimy-Blaton-Péronnes: staidéir a dhéanamh, go háirithe maidir le nuachóiriú go haicme IV an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, faoi mhí na Nollag 2030, agus plean cur chun feidhme teicniúil agus airgeadais a tharraingt suas le haghaidh an nuachóirithe is gá, faoi mhí na Nollag 2030;

(k) Seneffe – Antwerp,

(1) ar chodanna Fhlóndras agus na Vallúine: staidéir a dhéanamh, go háirithe maidir le huasghrádú a dhéanamh go haicme IV an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta, faoi mhí na Nollag 2024, agus plean cur chun feidhme teicniúil agus airgeadais a tharraingt suas le haghaidh na n-uasghráduithe is gá, faoi mhí na Nollag 2025;

(2) ar chuid na Vallúine:

— Nuachóiriú agus daingniú na láithreán ar phlána claonta Ronquières agus loc Ittre faoi mhí na Nollag 2030

— cianrialú ar loc Ittre a chur ar bun, faoi mhí na Nollag 2030;

(l) gníomhaíochtaí ginearálta:

(1) creat beartais a chomhordaítear idir na páirtithe éagsúla, chun imscaradh iomlán an bhonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn ar feadh ghréasán iomlán na Seine – na Sceilte, i gcomhréir le Creataí Beartais Náisiúnta a thíolaic an Bheilg agus an Fhrainc i gcomhthéacs Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), an creat sin a tharraingt suas faoi mhí na Nollag 2024, d'fhonn é a chur chun feidhme de réir a chéile faoi mhí na Nollag 2030;

(2) seirbhísí bainistithe tráchta agus iompair trasteorann atá comhtháite agus éifeachtúil a chur chun feidhme ar feadh ghréasán iomlán na Seine – na Sceilte lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán seirbhísí faisnéise tráchta abhann de réir Threoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) faoi mhí na Nollag 2028;

(3) ardáin lóistíochta ilmhódúla a fhorbairt ar ghréasán na Seine – na Sceilte, faoi mhí na Nollag 2030.

Airteagal 3

Rialachas

1. Iarrfar ar Chomhordaitheoir Eorpach Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara agus ar ionadaí ón gCoimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe bhord maoirseachta (*conseil de surveillance*) an *Société du canal Seine-Nord Europe*.

2. Pléifear an dul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 go tráthrialta faoi chuimsiú an Choimisiúin Idir-Rialtasaigh chun ullmhú le haghaidh tionscadal na Seine – na Sceilte a chur i gcrích agus faoi chuimsiú GELE na Seine – na Sceilte chomh maith. Iarrfar ar Chomhordaitheoir Eorpach Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara agus ar ionadaí ón gCoimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí i gcruinnithe an Choimisiúin Idir-Rialtasaigh ar bhonn leathbhliantúil ar a laghad agus i gcruinnithe GELE na Seine – na Sceilte trí huaire in aghaidh na bliana ar a laghad.

Airteagal 4

Tuairisciú

Tuairisceoidh an Bheilg agus an Fhrainc uair sa bhliain ar a laghad don Choimisiún agus do Chomhordaitheoir Eorpach Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh — na Meánmhara maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 agus tabharfaidh siad fógra faoi aon mhoill a thiocfaidh chun cinn, chomh maith leis na cúiseanna leis an moill, agus léireoidh siad na bearta ceartaitheacha a rinneadh. Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sin úsáid a bhaint, nuair is iomchuí, as inneachar na dTuarascálacha Bliantúla Stádais atá le cur isteach faoi Chomhaontuithe Deontais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa.

Airteagal 5

Athbhreithniú

Faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin ag an mBeilg agus ag an bhFrainc, nó ar a thionscnamh féin, athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí agus ar an tráthchlár dá dtagraítear in Airteagal 2, le cúnamh ó Chomhordaitheoir Eorpach Chonair Chroíghréasáin na Mara Thuaidh – na Meánmhara.

([11]) Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha, (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1, ELI http://data.europa.eu/eli/dir/2014/94/oj) .

([12]) Treoir 2005/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal, IO L 255, 30.9.2005, lch. 152, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/44/oj).

Airteagal 6

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1118.

Airteagal 7

Is ar Ríocht na Beilge agus ar Phoblacht na Fraince atá an Cinneadh seo dírithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún